Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7381/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0056(BUD)**

**FIN 225**
**PE-L 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7102/24 (COM(2024) 80 final) |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2024: Leasuithe ar bhuiséad 2024 a bhfuil gá leo mar gheall ar an athbhreithniú ar CAI |

1. An 29 Feabhra 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach (DBL) Uimh. 1 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2024[1], lenar tugadh isteach na hathruithe is gá ar bhuiséad 2024 a eascraíonn as an athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

   Tá feidhm chúlghabhálach ag Rialachán CAI leasaithe[2] ón 1 Eanáir 2024 agus áirítear ann, *inter alia*, leasuithe ar uasteorainneacha CAI a cuireadh in iúl sa choigeartú teicniúil nuashonraithe ar CAI do 2024 i bhfoirm Teachtaireacht ón gCoimisiún a glacadh an 29 Feabhra 2024[3], mar a fhoráiltear in Airteagal 4(1) de Rialachán CAI.

[1] 7102/24.
[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024).
[3] 7103/24 (COM(2024) 110 final).

Chun tionchar an athbhreithnithe CAI ar bhliain airgeadais 2024 a léiriú, cumhdaítear na gnéithe seo a leanas le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024:

- ainmníocht bhuiséadach agus barúlacha a chruthú chun freastal ar an tSaoráid don Úcráin[4], agus leas a bhaint as an ionstraim speisialta nua, an Cúlchiste don Úcráin, le méid atá cothrom le EUR 4.8 billiún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 3.8 billiún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh tacaíocht ón Aontas seachas i bhfoirm iasachtaí, lena n-áirítear tacaíocht riaracháin, i gcomhréir le Rialachán CAI;

- atreisiú an Chiste Eorpaigh Cosanta faoi chuimsiú an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)[5] le EUR 376 mhilliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas;

- coigeartú ar an ainmníocht bhuiséadach chun an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála a roinnt ina dhá ionstraim ar leith agus chun na méideanna don dá ionstraim sin a mhéadú;

- ainmníocht bhuiséadach agus barúlacha a chruthú chun freastal ar an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar, le suim EUR 501 mhilliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i gcúlchiste agus EUR 23.9 milliún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcúlchiste, go dtí go nglacfar an bunús dlí;

- laghdú EUR 175.7 milliún in 2024 ar leibhéal leithreasuithe faoi chomhair gealltanas sa chúlchiste le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED).

Anuas air sin, áirítear i ndréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024 coigeartú ar bharúlacha buiséid na líne buiséid le haghaidh chaiteachas tacaíochta an Chláir don Eoraip Dhigiteach tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air i mí na Nollag 2023 maidir le bunú Oifig na hIntleachta Saorga.

---

[4] Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, IO L, 2024/792, 29.2.2024.

[5] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241, IO L, 2024/795, 29.2.2024.

Ar an iomlán, is é glantionchar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024 ar mhéideanna caiteachais méadú EUR 5 833.7 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus méadú EUR 4 143.6 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

2. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an dréachtbhuiséad leasaitheach sin gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach a dhéanamh níos giorra, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024 ag na cruinnithe a bhí aige an 1 agus an 8 Márta 2024 agus bhí sé in ann glacadh leis gan aon athrú.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, d'aontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024, mar a leagtar amach i bpointe 3 é, a ghlacadh;

– treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin; agus

– an Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, mar a leagtar amach in 7382/24 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– i bhfianaise phráinn an ábhair, go gcinnfidh an Chomhairle maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

Cuirim chugat an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 don bhliain airgeadais 2024[6], a ghlac an Chomhairle an 19 Márta 2024, i ndoiciméad ar leithligh.

(Beannachtaí scoir).

---

[6] 7432/24 + ADD 1.